RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/1417 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Meitheamh 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/1139 i dtaca le sonraíochtaí na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a mhéid a bhaineann leis an mbradán i Muir Bhailt le haghaidh na tréimhse 2021-2023

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2016 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do na stoic troisc, scadáin agus saláin i Muir Bhailt agus don iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1098/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá sé d'aidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ([2]) deireadh a chur le hábhair mhuirí aischurtha de réir a chéile in iascaigh uile an Aontais trí oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme i gcás gabhálacha speiceas atá faoi réir teorainneacha gabhála.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 15(1)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le hiascaigh bradán i Muir Bhailt ón 1 Eanáir 2015.

(3) I gcás nach mbunaítear aon phlean ilbhliantúil de bhun Airteagal 9 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tugtar de chumhacht don Choimisiún, le hAirteagal 15(6) den Rialachán sin, pleananna maidir le hábhar muirí aischurtha a ghlacadh lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír le haghaidh tréimhse tosaigh 3 bliana a fhéadfar a athnuachan go ceann 3 bliana eile. Na pleananna sin maidir le hábhar muirí aischurtha, tá siad le glacadh ar bhonn na moltaí comhpháirteacha arna bhforbairt ag na Ballstáit i gcomhairle leis na Comhairlí Comhairleacha ábhartha.

(4) Le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1396/2014 ón gCoimisiún ([3]), bunaíodh plean maidir le hábhar muirí aischurtha a bhaineann le hiascaigh bradán, scadán, salán agus trosc i Muir Bhailt. Sa phlean sin maidir le hábhar muirí aischurtha, bhí díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír eadhon le haghaidh an bhradáin de thairbhe na rátaí arda marthanais a léiríodh maidir leis an speiceas sin dá bhforáiltear in Airteagal 15(4)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Chuaigh Rialachán (AE) Uimh. 1396/2014 in éag an 31 Nollaig 2017. An díolúine sin maidir le bradán Mhuir Bhailt, rinneadh í a athnuachan le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/211 ón gCoimisiún ([4]), a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2020.

(5) Le Rialachán (AE) 2016/1139, bunaítear plean ilbhliantúil do na stoic a ndéantar iascaireacht orthu i Muir Bhailt agus déantar foráil maidir le mionsonraí chur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír i dtaca leis na stoic sin, lena n-áirítear an stoc bradán. Le hAirteagal 7(1)(a) den Rialachán sin, tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun an Rialachán sin a fhorlíonadh trí mhionsonraí a shonrú maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a bhaineann le rátaí arda inmharthanachta.

(6) Tá leas díreach i dtaca le bainistíocht iascaigh i Muir Bhailt ag an Danmhairg, ag an nGearmáin, ag an Eastóin, ag an Laitvia, ag an Liotuáin, ag an bPolainn, ag an bhFionlainn agus ag an tSualainn. An 12 Bealtaine 2020, chuir na Ballstáit sin moladh comhpháirteach ([5]) faoi bhráid an Choimisiúin, tar éis dóibh dul i gcomhairle le Comhairle Chomhairleach Mhuir Bhailt. Fuarthas rannchuidiú eolaíoch ó chomhlachtaí eolaíocha ábhartha. Tugadh an moladh comhpháirteach cothrom le dáta an 8 Meán Fómhair 2020 agus an 16 Márta 2021.

([1]) IO L 191, 15.7.2016, lch. 1.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh an 11 Nollaig 2013, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 1396/2014 ón gCoimisiún an 20 Deireadh Fómhair 2014 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha i Muir Bhailt (IO L 370, 30.12.2014, lch. 40).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/211 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha a mhéid a bhaineann le bradán i Muir Bhailt (IO L 41, 14.2.2018, lch. 1).

([5]) "BALTFISH High Level Group Joint Recommendation on a derogation from the landing obligation in the Baltic Sea establishing a discard plan as regards salmon in the Baltic Sea (ICES Subdivisions 22-32)" ("Moladh Comhpháirteach Ghrúpa Ardleibhéal BALTFISH maidir le maolú ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i Muir Bhailt, lena mbunaítear plean maidir le hábhar muirí aischurtha a mhéid a bhaineann leis an mbradán i Muir Bhailt (Foranna ICES 22-32)"), arna tharchur an 12 Bealtaine 2020. Leagan nuashonraithe an 8 Meán Fómhair 2020 arna sheoladh an 15 Meán Fómhair 2020 agus leagan nuashonraithe an 16 Márta 2021.

(7) Sa mholadh comhpháirteach leasaithe, moltar, i dtaca leis an díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir le bradáin arna ngabháil le trealamh éighníomhach áirithe dá bhforáiltear le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/211 ón gCoimisiún, gur cheart an díolúine sin a bheith infheidhme fós tar éis an 31 Nollaig 2020. Tugtar dreasacht leis sin trealamh a úsáid atá níos roghnaí agus bhfuil tionchar níos lú aige nuair a bheifear ag iascaireacht speiceas eile seachas an bradán. Thairis sin, d'fhéadfadh sé go dtiocfadh laghdú ar fhoghabhálacha éan agus mamach de thairbhe na díolúine. I réigiúin áirithe d'éascófaí bainistíocht na gcuótaí agus d'fhéadfaí stoic bradán fiáin a chosaint trí bhradáin fhiáine a ghabhtar a scaoileadh saor agus gan a choimeád ach bradáin shaothraithe. Níor cheart cléibh/potaí a dhíolmhú a thuilleadh, áfach, agus maidir le gaistí pontúin, níor cheart a áireamh ach gaistí a bhfuil mála gan snaidhm ('Vittjanpåse') ceangailte orthu. Thairis sin, moltar sa mholadh comhpháirteach an díolúine a theorannú do 8 % de na gabhálacha bliantúla ó chuóta bradán gach Ballstáit chun tuilleadh laghdaithe a dhéanamh ar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag an díolúine sin ar an stoc. Ar deireadh, i gcomhthéacs an chomhairliúcháin leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú, luadh, dá dtagraítear sa mholadh chomhpháirteach, gur cheart bradáin a ghabhtar le trealamh éighníomhach ábhartha sna hiascaigh uile a chumhdach leis an díolúine.

(8) Rinne an Coiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) athbhreithniú ar an bhfianaise eolaíoch a soláthraíodh leis an moladh comhpháirteach ([6]). Thagair STECF don mheasúnú a rinne sé roimhe seo ([7]) maidir le heangacha gaiste agus faidhclíonta, ach mheabhraigh sé go bhfuil gá le faisnéis bhreise i ndáil le deimhniú na dtoimhdí maidir le hinmharthanacht a rinneadh i gcás cliabh/potaí agus eangacha gabhainn. Ar an mbonn sin, ní áirítear a thuilleadh cléibh/potaí sa mholadh comhpháirteach nuashonraithe. Thairis sin, mhínigh na Ballstáit gur áiríodh eangacha gabhainn i sonraí a cuireadh isteach cheana, ach nár luadh eangacha gabhainn go sainráite sa staidéar ábhartha, agus go raibh staidéir bhreise ar bun. Dá bhrí sin, thug na Ballstáit gealltanas faisnéis bhreise a chur isteach maidir le rátaí marthanais i dtaca le bradáin arna ngabháil in eangacha gabhainn sula rachaidh an gníomh tarmligthe seo in éag. De bhrí gur luaigh STECF sa mheasúnú a rinne sé cheana go n-oibríonn eangacha gabhainn ar bhealach atá comhchosúil le heangacha gaiste agus le faidhclíonta agus go bhfuil gealltanas tugtha ag na Ballstáit sa mholadh comhpháirteach go ndéanfaidh siad tuilleadh taighde, ba cheart an díolúine a bheith infheidhme fós. Maidir le gaistí pontúin, thug STECF dá aire go bhféadfadh na gaistí pontúin a bhfuil mála gan snaidhm ceangailte orthu a bheith níos séimhe ná na cinn nach bhfuil mála den sórt sin orthu. Léirítear sna torthaí go raibh ráta marthanais 52 % ag bradáin arna ngabháil le gaistí pontúin a bhfuil mála gan snaidhm ceangailte orthu, ach go bhféadfadh an ráta marthanais a bheith i bhfad níos airde ag brath ar na himthosca comhshaoil. Tá tuilleadh tionscadail taighde ar bun.

(9) Na bearta a moladh sa mholadh comhpháirteach, comhlíonann siad Airteagal 15(4)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus dá bhrí sin is féidir iad a chuimsiú sa Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 18(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus Airteagal 7(1)(a) de Rialachán (AE) 2016/1139. Ar bhonn mheasúnú STECF, áfach, ba cheart an díolúine seo gan bheith ach sealadach, agus ba cheart do na Ballstáit lena mbaineann an fhaisnéis ábhartha bhreise agus na sonraí a mhol STECF a sholáthar in am trátha sula rachaidh an Rialachán seo in éag.

(10) I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart teorainn 3 bliana a chur leis an Rialachán seo, chun measúnú nuashonraithe ar an díolúine agus forbairt na n-iascach lena mbaineann a áirithiú.

(11) Ós rud é go ndeachaigh an maolú a deonaíodh le Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/211 ón gCoimisiún in éag an 31 Nollaig 2020, chun leanúnachas dlíthiúil a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo le héifeacht ón 1 Eanáir 2021. Ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla agus mar ábhar práinne, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ábhar agus raon feidhme

Leagtar síos rialacha leis an Rialachán seo agus tá feidhm aige maidir leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i dtaca le bradáin arna ngabháil i Muir Bhailt le haghaidh na tréimhse 2021-2023.

([6]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/2694823/STECF+20-04+-+Eval+JRs+LO+and+TM+Reg.pdf/6176f9ad-0855-4985-b7de-64685862b6cb

([7]) https://stecf.jrc.ec.europa.eu/documents/43805/812327/STECF+PLEN+14-02.pdf/e29cf181-8d63-40ef-8050-6d980b12528f?version=1.4&download=true

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

ciallaíonn "Muir Bhailt" ranna ICES IIIb, IIIc agus IIId, mar a shonraítear in Airteagal 4(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

Airteagal 3

Díolúine maidir le speicis a bhfuil rátaí arda marthanais acu

1. An díolúine maidir le speicis a bhfuil rátaí arda marthanais acu dá dtagraítear in Airteagal 15(4)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, beidh feidhm aici maidir le bradáin arna ngabháil le faidhclíonta, eangacha gabhainn agus gach cineál eile eangaí gaiste, ach amháin gaistí pontúin nach bhfuil mála gan snaidhm ceangailte orthu.

2. An díolúine dá dtagraítear i mír 1, beidh sí teoranta do chion nach mó ná 8 % de na gabhálacha iomlána bliantúla bradán ó chuóta bradán gach Ballstáit.

3. Bradáin a ghabhtar i gcomhréir leis an díolúine a bhunaítear i mír 1, scaoilfear saor isteach san fharraige láithreach iad.

Airteagal 4

Forálacha críochnaitheacha

Faoin 1 Bealtaine 2023, na Ballstáit sin a bhfuil leas díreach bainistíochta acu, cuirfidh siad faisnéis bhreise eolaíoch faoi bhráid an Choimisiúin a fhágfaidh go bhféadfar measúnú a dhéanamh ar ionadaíochas agus ar cháilíocht an mheastacháin ar mharthanas bradán aischurtha ó ghabhálacha le heangacha gabhainn agus gaistí pontúin a bhfuil mála gan snaidhm ceangailte orthu, lena n-áirítear faisnéis maidir leis an mbásmhaireacht i ndiaidh an scaoilte saor.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2023. Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 22 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN